An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills

Ciorclán 0069/2019

Chuig: Údaráis Bhainistíochta na mBunscoileanna, Iarbhunscoileanna, Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta
agus
Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna

Athbhreithniú ar Thuarastail na mball foirne uile a bhíonn íoctha go díreach ag scoil aitheanta nó BOO le héifeacht ón 1 Eanáir 2020

1. Is mian leis an Aire Oideachais agus Scileanna a chur in iúl d'údaráis bhainistíochta agus do na Príomhfheidhmeannaigh de na Boird Oideachais agus Oiliúna maidir leis an iarratais ar mhéaduithe tuarastail le héifeacht ón 1 Eanáir 2020.

2. Tugadh isteach na rátaí tuarastail athbhreithnithe mar thoradh ar Chomhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2013 – 2020 (Comhaontú Bhóthar Haddington/ Comhaontú Bhóthar Lansdúin) agus mar thoradh ar an Acht um Pá agus Pinsean na Seirbhíse Poiblí 2017.

Méaduithe Tuarastail le héifeacht ón 1 Eanáir 2020.

3. Tá tuarastail bhliantúlaithe **suas go dtí €32,000 le méadú faoi 0.5%** le héifeacht ón 1 Eanáir 2020.

Catagóirí na mball foirne lena mbaineann

4. Aon bhall foirne atá fostaithe i scoil aitheanta nó BOO atá sna catagóirí seo a leanas:

   - Teagascóirí (Seibhís Litearthachta, Pobal agus Oideachas Aosach, etc.);
   - Baill foirne neamhtheagaisc i dTionscadail Comhchaidrimh don Aos Óg (YEPanna);
   - Coimhdirí Bus Iompair Scoile;
   - Aon bhaill foirne eile atá fostaithe go díreach ag scoil aitheanta nó BOO agus a bhí clúdaithe ag Ciorclán 70/2010 (Seachas Rúnaithe, Feighlithe agus Glantóirí a bhí clúdaithe ag Ciorcláin 0076/2018 agus 0077/2018).

5. Tá sé tábhachtach a rá go dtagann na baill foirne lena mbaineann atá fostaithe ag scoileanna aitheanta nó BOOanna faoin sainmhíniú de "seirbhíseach poiblí" díreach chun críche na reachtaíochta seo agus ní athraíonn sé seo a stádas fostaíochta ar shlí ar bith eile.

Srianta Feabhsaithe maidir le Téarmaí agus Coinníollacha Fostaíochta a Aontaíodh le héifeacht ón 30 Samhain 2015

6. Cuirtear i gcuimhne d'fhostóirí go bhfuil leasú déanta ar an Acht um Airí agus Rúnaithe (Leasú) 2011 faoin Acht um FEMPI 2015 le srianta feabhsaithe a thabhairt isteach maidir le téarmaí agus coinníollacha fostaíochta a aontaíodh idir seirbhísigh phoiblí agus a bhfostóirí de chuid chomhlachtaí na seirbhíse poiblí le héifeacht ón 30 Samhain 2015. Tá na hailt ábhartha den Acht san áireamh in Aguisín 1. Déileálfar le ró-íocaíochtaí i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá leagtha amach i gCiorclán 0032/2016.

Baill foirne pháirtaimseartha / a íoctar in aghaidh na huaire

7. D'fhéadfaí athbhreithniú a dhéanamh ar phá na mball foirne páirtaimseartha nó na mball foirne a íoctar in aghaidh na huaire, i gcomhréir leis na gnáthshocruithe, faoi threoir phá na mball foirne lánaimseartha lena mbaineann siad chun críche pá de réir an Chiorcláin seo.

Ragobair

8. Ba chóir íocaíocht i dtaca le ragobair do na gráid incháilithe a dhéantar a sholáthar ar an nó i ndiaidh an 1 Eanáir 2020 a ríomh faoi threoir na rátaí athbhreithnithe ar phá le héifeacht ón 1 Eanáir 2020.

Dáileadh agus Ceisteanna

9. Déan cinnte de, le do thoil, go gcuirtear cóipeanna den Chiorclán seo ar fáil do gach ball de na Boird Bhainistíochta/ na Boird Oideachais agus Oiliúna agus go ndírítear aird na mball foirne uile lena mbaineann sé atá fostaithe agat ar na hábhair, na baill foirne atá ar chead neamhláithreachta san áireamh..

10. Is féidir fáil ar an gCiorclán seo ar shuíomh Gréasáin na Roinne faoi www.education.ie

10. Ba chóir fiosrúcháin maidir leis an gCiorclán seo a chur ar ríomhphost chuig financialetb@education.gov.ie

Martina Mannion
Príomhoifigeach
Pearsanra Airgeadais/Riaracháin BOO

Tara Carton
Príomhoifigeach
Caidreamh Foirne Seachtrach

4ú Nollaig 2019

AGUISÍN 1

Alt 12 den Acht um Bearta Éigeandála Airgeadais ar mhaithe le Leas an Phobail 2015

Leasú ar an Acht Airí agus Rúnaithe (Leasú) 2011

Leasaítear an tAcht Airí agus Rúnaithe (Leasú) 2011 tríd an alt a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 16:

“Téarmaí agus coinníollacha seirbhíseach poiblí a rialú

16A. (1) Más rud é—

(a) go bhfuil téarma nó coinníoll ceadaithe ag an Aire mar théarma nó mar choinníoll a mbeidh feidhm aige de thuras na huaire maidir le haicme nó le catagóir seirbhíseach poiblí a fhostú (cibé acu i bhfoirm ceadúcháin an ceadú sin, aon fhoirm eile de cheadúchán nó as toiliú ón Aire do bhreith duine eile san ábhar), agus

(b) go ndéantar conradh fostaíochta maidir le seirbhíseach poiblí a thagann faoin aicme nó faoin gcatagóir sin ina bhfuil téarma nó coinníoll a chomhfhreagraíonn don téarma nó don choinníoll atá ceadaithe amhlaidh ach atá níos fabhraí don seirbhíseach poiblí ná an téarma nó an coinníoll sin,

beidh éifeacht leis an gconradh ionann is dá gcuirfí an téarma nó an coinníoll a bheidh ceadaithe amhlaidh (dá dtagraítear i bhfo-ailt (2) agus (3) mar an ‘téarma nó an coinníoll ceadaithe’ in ionad an chéad téarma nó an choinníll a luaitear i mír (b). (dá dtagraítear i bhfo - ailt (2) agus (3) mar an 'téarma nó coinníoll neamhfhaofa').

(2) Tabharfar neamhaird ar aon mhéid a íocfar leis an seirbhíseach poiblí lena mbaineann i gcomhlíonadh airbheartaithe leis an téarma nó leis an gcoinníoll neamhcheadaithe ar mó é ná an méid is iníoctha leis an seirbhíseach poiblí faoin téarma nó faoin gcoinníoll ceadaithe chun críche aon teidlíocht pinsin a ríomh (lena n-áirítear teidlíocht ar chnapshuim agus teidlíocht d'íocaíochtaí tréimhsiúla pinsin) maidir leis an seirbhíseach poiblí sin.

(3) I gcás ina n-íocfar méid leis an seirbhíseach poiblí lena mbaineann i gcomhlíonadh airbheartaithe leis an téarma nó leis an gcoinníoll neamhcheadaithe atá níos mó ná an méid is iníoctha leis an seirbhíseach poiblí faoin téarma nó faoin gcoinníoll ceadaithe ansin—

(a) beidh an ró-íocaíocht ar teachtadh ar iontaobhas ag an seirbhíseach poiblí don chomhlacht seirbhíse poiblí, agus

(b) déanfaidh an comhlacht seirbhíse poiblí méid na ró-íocaíochta a ghnóthú ón seirbhíseach poiblí, go díreach nó trí asbhaint as luach saothair is iníoctha ina dhiaidh sin leis an seirbhíseach poiblí sin nó ar shlí eile.

(4) Más rud é—

(a) go ndéantar conradh fostaíochta i leith seirbhíseach poiblí, agus

(b) go bhfuil téarma nó coinníoll sa chonradh i ndáil le luach saothair nach gcomhfhreagraíonn nó nach ionann é agus aon téarma nó coinníoll a bheidh ceadaithe ag an Aire i leith aicme nó catagóire seirbhíseach poiblí a fhostú faoina dtagann an chéad seirbhíseach poiblí a luaitear (cibé acu an formheas mar sin atá i gceist leis an gceadú sin, aon chineál ceadúcháin eile nó cead an Aire a thabhairt do dhuine eile maidir leis an ábhar), beidh an téarma nó an coinníoll ar neamhní.

(5) Tabharfar neamhaird ar aon mhéid a íocfar leis an seirbhíseach poiblí lena mbaineann i gcomhlíonadh airbheartaithe téarma nó coinníll a cuireadh ar neamhní faoi fho-alt (4) chun críche aon teidlíocht pinsin a ríomh (lena n-áirítear teidlíocht ar chnapshuim agus teideal chun íocaíochtaí tréimhsiúla pinsin) maidir leis an seirbhíseach poiblí sin.

(6) I gcás ina n-íocfar méid leis an seirbhíseach poiblí lena mbaineann i gcomhlíonadh airbheartaithe le téarma nó coinníoll a cuireadh ar neamhní faoi fho-alt (4) ansin—

(a) beidh an méid sin in iontaobhas ag an seirbhíseach poiblí don chomhlacht seirbhíse poiblí, agus

(b) déanfaidh an comhlacht seirbhíse poiblí an méid a ghnóthú ón seirbhíseach poiblí, go díreach nó trí asbhaint as luach saothair is iníoctha ina dhiaidh sin leis an seirbhíseach poiblí sin nó ar shlí eile.

(7) Ní mheasfar go bhfuil fo-ailt (3) agus (6) ag srianadh an dliteanais faoi reacht aon duine mar gheall ar an ró-íocaíocht sin.

(8) I gcás nach mbeidh méid lena mbaineann fo-alt (3) nó (6) gnóthaithe ag an gcomhlacht seirbhíse poiblí lena mbaineann, féadfaidh an tAire a ordú i scríbhinn don chomhlacht sin an méid a ghnóthú de réir fho-alt (3)(b) nó (6)(b), faoi dháta sonraithe, de réir mar is cuí, agus, i gcás go mainneoidh an comhlacht sin an méid a ghnóthú amhlaidh, féadfaidh an tAire an méid a asbhaint as aon deontas nó vóta de chuid an chomhlachta sin, nó as aon íocaíocht eile leis, as airgead arna sholáthar go díreach nó go neamhdhíreach ag an Oireachtas nó as an bPríomh-Chiste nó as toradh fáis an Chiste sin.

(9) Tá feidhm ag an alt seo maidir le téarma nó coinníoll arna chomhaontú tar éis thosach feidhme alt 12 den Acht um Bearta Éigeandála Airgeadais ar mhaithe le Leas an Phobail 2015.

(10) Tá éifeacht leis an alt seo d'ainneoin—

(a) aon achtachán eile,

(b) aon scéim nó socrú pinsin,

(c) aon chomhaontú nó socrú conarthach eile, nó

(d) aon tuiscint, ionchas, ciorclán nó ionstraim nó doiciméad eile.

(11) San alt seo—

Ciallaíonn “seirbhíseach poiblí” duine atá fostaithe ag comhlacht seirbhíse poiblí, nó atá i seilbh aon oifige nó poist eile;

Ciallaíonn “luach saothair” díolaíochtaí lena mbaineann Caibidil 4 de Chuid 42 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997. ”.